
seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Te agus Fuar a imscrúdú

príomhtheachtaireacht: taistealaíonn teas ó rudaí atá te go rudaí atá fuar. cuireann inslitheoirí bac ar ghluaiseacht teasa.



**nasc leis an gcuraclam osie:**
Snáithe – Feasacht agus cúram imshaoil
Snáithaonad – Feasacht imshaoil

**forbairt scileanna:**
Imscrúdú, tástáil, breathnóireacht, taifeadadh agus anailísiú

**deiseanna comhtháthaithe:**
OSIE: Tíreolaíocht: Imshaoil dhaonna: Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil agus daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn i gceantar codarsnach in Éirinn: *gnáthábhair thógála agus an bhaint atá acu leis an timpeallacht*

# Te agus Fuar a imscrúdú

**Príomhtheachtaireacht: Gluaiseann teas ó rudaí atá te go rudaí atá fuar. Cuireann inslitheoirí bac ar ghluaiseacht teasa, agus dá bhrí sin coinníonn siad rudaí fuara fuar agus rudaí teo te.**

## Sula dtosóidh tú

Táimid chun eolas a fháil inniu ar ábhair a choinníonn te sinn nuair a bhímid fuar agus a choinníonn fionnuar sinn nuair a bhímid rothe.


B'fhéidir go gceapfadh leanaí áirithe go gcruthaíonn éadaí teolaí teas agus go dtéifidís sinn; bheidís ag súil go gcruthódh olann teas agus go leáfadh sí an t-oighear go tapa.

- Dá mbeadh an reoiteoir briste cén tslí a gcoimeádfá uachtar reoite fuar?
- Cad a tharlaíonn don fhear sneachta nuair a scalann an ghrian air?
- Cad is leá ann? Cad a bhíonn fágtha nuair a leánn sneachta? *Soladach ag athrú go leacht nuair a chuirtear teas leis.*
- Dá gcuirfí cóta ar fhear sneachta an gcoinneodh sé te é agus an leáfadh sé níos tapúla nó an gcoinneodh sé fuar é le go mairfeadh sé níos faide?
- Pléigh áiteanna difriúla ar domhan agus a n-aeráidí. Cé na héadaí a chaitheann daoine sna tíortha sin?
- Pléigh an tslí a mbraitheann ábhair dhifriúla faoi do mhéar.

## Cúlra

Gluaiseann an teas ó rud atá te go rud atá níos fuaire. Is inslitheoir é rud a bith a úsáidtear chun gluaiseacht teasa a mhaolú. Tá an t-inslitheoir is saoire ar domhan thart timpeall orainn – an t**AER**!

Má bhíonn an t-aer ina stad nó gan a bheith ag gluaiseacht is beag teasa a ghluaiseann tríd. Bíonn aer ag gluaiseacht de shíor áfach, agus le go ndéanfaí inslitheoir maith de, ní mór é a cheapadh nó a sháinniú. Na hinslitheoirí is fearr amuigh, tá na mílte spás beag bídeach aeir istigh iontu a choscann an teas ar a bheith ag gluaiseacht tríothu. Dá bhrí sin coinnítear an teas 'istigh' nó 'amuigh'.




seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA hÉIREANN
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Te agus Fuar a imscrúdú

**Conas is féidir linn a fháil amach cé na hábhair is fearr insliú?**

## Beidh na nithe seo uait


Ábhair éagsúla lena dteocht a bhrath, e.g. píosa de bhrat urláir, cloch, spúnóg mhiotail, spúnóg adhmaid (ceann amháin do gach grúpa)

Ciúbanna oighir

Ábhair éagsúla le filleadh timpeall na gciúbanna oighir, e.g. nuachtán, cumhdach bolgóideach, ábhar olla, cadás, scragall alúmanaim nó stáin, olann chadáis

## Céimeanna

1. Roinn na leanaí ina bpéirí nó ina ngrúpaí de 3 nó 4.
2. Roinn na hábhair a bhfuil a dteocht le brath. Iarr ar na leanaí a rá leat cé acu is fuaire, píosa de bhrat urláir nó cloch. Cé go bhfuil an dá cheann acu ag teocht an tseomra, braithfear an brat urláir a bheith níos teo de bharr gur inslitheoir é.
3. Iarr ar na leanaí spúnóg adhmaid a chur le leiceann amháin agus spúnóg mhiotail a chur leis an leiceann eile. Cé go bhfuil an dá cheann acu ag teocht an tseomra, braithfear an spúnóg mhiotail a bheith níos fuaire ná an spúnóg adhmaid toisc gur seoltóir maith teasa é an miotal, i.e. ní inslitheoir é. Ligeann sé do theas na colainne sreabhadh amach tríd, agus sin an fáth a mbraitear an fuacht. Is inslitheoir é adhmad agus is é a mhalairt a tharlaíonn.
4. Roinn na hábhair éagsúla le filleadh timpeall na gciúbanna oighir, ábhar amháin do gach grúpa. Aontaíonn na grúpaí ar líon na n-uaireanta a fhillfidh siad na hábhair timpeall na gciúbanna. Ba chóir ciúb oighir amháin a fhágáil gan aon chlúdach air, mar shlat tomhais.
5. Ba chóir na ciúbanna a fhágáil ar na boird ar feadh tamaill (braitheann an tréimhse ama sin ar theocht an tseomra; d'fheilfeadh am sosa mar shampla). Ag deireadh na tréimhse, ba chóir do na leanaí an clúdach a bhaint de na ciúbanna agus iad a chur i gcomparáid lena chéile.
6. Is féidir leis na leanaí na bileoga taifeadta a úsáid chun na torthaí a bhreacadh síos. Bain triail as an ngníomhaíocht atá ag deireadh an cheachta seo.



# Te agus Fuar a imscrúdú


## Le plé

- Cén t-ábhar a choinnigh na ciúbanna oighir reoite don tréimhse is faide? Cuir na torthaí i gcomparáid lena dtuairimí roimh ré. *Seans go mbeidh ionadh ar na leanaí gurb iad na hábhair chéanna a choinnigh na ciúbanna oighir fuar na hábhair a gcuirfidís rud isteach iontu lena choinneáil te.*
- Cén fáth ar choinnigh an t-ábhar sin an t-oighear fuar, dar leo?
- Cén fáth nár choinnigh an t-ábhar eile an t-oighear fuar, dar leo?
- Maolaíonn inslitheoir maith gluaiseacht an teasa ó áiteanna teo go háiteanna fuara agus ó áiteanna fuara go háiteanna teo.

## An raibh a fhios agat?

Ba é Frank Epperson, ó California, a chéadrinne líreachán reoite i 1905 agus é 11 bliain d'aois.

Bíonn an oiread sin cosanta ag na béir bhána ón bhfuacht (le dhá shraith d'fhionnadh agus sraith de bhlonag suas le 11 cm ar tiús) gur mó na fadhbanna a bhíonn acu le róthéamh (nuair a ritheann siad) seachas leis an bhfuacht!



## Freagraí ar an ngníomhaíocht ar chúl an cheachta – Fuinneamh á chur amú sa teach

- An cithfholcadh ag sileadh
- Uisce te sa doirteal nach bhfuiltear á úsáid
- Soilse fágtha ar siúl
- Raidió agus ríomhaire fágtha ar siúl sa seomra leapa
- Cuirtíní fágtha ar oscailt nuair a d'fhéadfaí iad a úsáid chun an seomra a insliú
- Fuinneoga fágtha ar oscailt agus an teas ag éalú amach tríothu
- Doras fágtha ar oscailt agus an teas ag éalú amach tríd
- Teilifís fágtha ar siúl sa seomra suí.



seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Te agus Fuar a imscrúdú

## bileog taifeadta – fótacóipeáil agus úsáid

## Cad a tharlóidh, dar leat?

| Ábhar | Inslitheoir maith | Drochinslitheoir |
|---|---|---|
| Cadás | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |



# Te agus Fuar a imscrúdú

## bileog taifeadta – fótacóipéail agus úsáid

## Cad a tharla i ndáiríre


| Ábhar | Am | Inslitheoir maith | Drochinslitheoir |
|---|---|---|---|
| Cadás | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |


seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta


fótacóipéail agus úsáid

# Fuinneamh á chur amú sa teach

Tá ocht mbealach ar a laghad lena bhfuiltear ag cur fuinneamh amú sa teach seo. An féidir leatsa iad a aimsiú?



# Bealaí chun Fuinneamh a Spáráil sa Teach



**Rudaí is féidir leatsa a dhéanamh...**

Ná fág an teilifíseán ar fuireachas – cas as go hiomlán é.

Nuair a bhíonn sé geal, múch na soilse.

Nuair a bhíonn cadhnra an ghutháin lán, tarraing amach an phlucóid. Ní ghlacann sé ach 3 uair an chloig. Ná fág plugáilte isteach thar oíche é.

Bíodh cithfholcadh agat seachas folcadh – spárálann sé uisce te.

Coinnigh doirse agus fuinneoga dúnta nuair a bhíonn sé fuar lasmuigh.

Dún na cuirtíní san aimsir fhuar chun an teas a choinneáil sa teach.

Déan athchúrsáil ar channaí, ar bhuidéil agus ar pháipéar – spárálann sé fuinneamh.



**Iarr ar na daoine fásta fuinneamh a spáráil freisin...**

Nuair a bhíonn sé tirim lasmuigh, úsáid an ghrian agus an ghaoth chun éadaí a thriomú seachas an triomadóir.

Ná cuir ar fiuchadh ach an méid uisce a bhíonn uait.

Úsáid bolgáin solais nach n-ídíonn mórán fuinnimh (DSFanna); ; is lú an leictreachas a úsáideann siad agus maireann siad 10 n-uaire níos faide.

Cuir seaicéad inslithe timpeall ar shorcóir an uisce the agus fanfaidh an t-uisce te ar feadh tréimhse níos faide.

Cuir insliú san áiléar agus spárálfaidh tú 20% ar na billí teasa.

Díon na doirse agus na fuinneoga ar shéideáin ghaoithe.

Cuir rialú teirmeastatach ar na radaitheoirí sa chaoi gur féidir an teocht a ardú nó a ísliú.



seai ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta